Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2025/0363(COD)

11.5.2026

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1238 maidir le Táirge Pinsin Phearsanta Uile Eorpach (TPPU)
(COM(2025)0840 – C10- 0307/2025 – 2025/0363(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Liesbet Sommen

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

D'fhéadfadh an t-athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (TPPU) deis a thabhairt coigilteas scoir comhlántach san Aontas Eorpach a neartú, agus a áirithiú ag an am céanna go leanfaidh ionstraimí den sórt sin de bheith fréamhaithe go daingean ina gcuspóir sóisialta. I gcomhthéacs aosú an daonra, margaí saothair atá ag athrú, obair i mBallstáit éagsúla agus gairmeacha atá ag éirí níos ilroinnte, is féidir ról tacaíochta a bheith ag réitigh phinsin fhorlíontaigh maidir le leordhóthanacht scoir a fheabhsú. Mar sin féin, ní mór dóibh córais phinsin phoiblí agus ghairme atá láidir a chomhlánú, seachas an bonn a bhaint díobh, ar córais iad atá fós ina mbunchloch den chosaint shóisialta sna Ballstáit.

Féachann an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta le deiseanna níos fearr a chruthú do shaoránaigh an Aontais trí fheabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar coigilteas a dhíriú ar infheistíochtaí a thacaíonn le tosaíochtaí straitéiseacha agus athléimneacht eacnamaíoch na hEorpa, mar a cuireadh i dtábhacht freisin i dtuarascáil Draghi maidir le hiomaíochas an Aontais. Tacaím go hiomlán le cuspóir sprioc an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta fás agus nuálaíocht na hEorpa a chothú, agus a áirithiú ag an am céanna nach mór úsáid coigilteas pinsin fadtéarmach a bheith dírithe i gcónaí ar ioncam scoir leordhóthanach, slán agus inbhuanaithe a chur ar fáil do shaoránaigh.

Ó thaobh EMPL de, tá sé ríthábhachtach go n-urramófar go hiomlán le forbairt TPPUnna inniúlachtaí na mBallstát maidir le córais phinsin a eagrú, lena n-áirítear cánachas, agus dlí an tsaothair. Ag an am céanna, tá sé ríthábhachtach go neartóimid rannpháirtíocht ghníomhach na gcomhpháirtithe sóisialta in eagrú na gcóras pinsin.

Cuspóir lárnach de chuid na tuairime seo is ea a áirithiú go gcuirfidh TPPUnna torthaí scoir leordhóthanacha, sábháilte agus trédhearcacha ar fáil do choigilteoirí. Ba cheart dó cosaint tomhaltóirí a threisiú trí rialacha níos soiléire a thabhairt isteach maidir le trédhearcacht costais, inchomparáideacht agus luach ar airgead, lena n-áirítear nochtadh simplithe agus sothuigthe táillí. Tá sé chomh tábhachtach céanna ról lárnach phrionsabal an duine stuama i mbainistiú coigiltis pinsin a athdhearbhú. Ina theannta sin, leagtar béim sa dréacht-tuarascáil ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an mbearna phinsin idir na hinscní agus feabhas a chur ar fheasacht airgeadais i measc na saoránach.

Moltar Fóram um Pinsean bliantúil an Aontais Eorpaigh a bhunú mar ardán struchtúrtha lena dtabharfar le chéile na Ballstáit, institiúidí an Aontais, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha. D'éascódh an fóram sin malartú dea-chleachtas agus fianaise maidir le gnéithe airgeadais agus sóisialta de chórais pinsean araon, lena n-áirítear leordhóthanacht, cumhdach oibrithe neamhchaighdeánacha, neamhionannas agus an idirghníomhaíocht idir pinsin phoiblí, pinsin cheirde agus pinsin phearsanta. Beidh sé ríthábhachtach rannpháirtíocht ghníomhach na gcomhpháirtithe sóisialta a áirithiú, i gcomhréir le cleachtais náisiúnta, chun plé cothrom eolasach a chothú agus chun tacú le ceapadh beartas fianaisebhunaithe ar leibhéal an Aontais.

Ar deireadh, trí ghnéithe sóisialta agus eacnamaíocha na bpinsean forlíontach a threisiú, is é is aidhm don tuairim seo rannchuidiú le tírdhreach pinsin Eorpach atá níos cuimsithí, níos athléimní agus níos inbhuanaithe, i gcomhréir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta in iúl don Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) I bhfianaise dhaonra an Aontais atá ag dul in aois agus an chóimheasa cleithiúnais atá ag dul i méid, tá sé fíor-riachtanach foinsí comhlántacha ioncaim scoir a neartú chun dlúthpháirtíocht idirghlúine, comhtháthú sóisialta agus cobhsaíocht fhadtéarmach na gcóras pinsin ilsrathach a chaomhnú ar fud an Aontais.	(1) I bhfianaise dhaonra an Aontais atá ag dul in aois agus an chóimheasa cleithiúnais atá ag dul i méid, tá sé fíor-riachtanach foinsí comhlántacha ioncaim scoir a neartú chun dlúthpháirtíocht idirghlúine, comhtháthú sóisialta agus cobhsaíocht fhadtéarmach na gcóras pinsin ilsrathach a chaomhnú ar fud an Aontais. ***Ba cheart go gcomhlánódh cur chun cinn táirgí pinsin phearsanta bearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann ach níor cheart go ngabhfadh sé ionad scéimeanna pinsin phoiblí agus ceirde dea-fheidhmiúla.***

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1 a) I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), is inniúlacht de chuid na mBallstát go príomha é eagrú na gcóras pinsean. Dá bhrí sin, ba cheart don rialachán seo inniúlachtaí na mBallstát a urramú go hiomlán maidir le córais pinsean a eagrú, lena n-áirítear cánachas agus dlí an tsaothair.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1 b) Bhainfeadh go leor saoránach san Aontas, lena n-áirítear grúpaí leochaileacha amhail oibrithe eatramhacha, daoine féinfhostaithe, oibrithe ardáin agus daoine aonair a bhfuil gairmeacha ilroinnte acu, tairbhe as litearthacht phinsin fheabhsaithe agus as tuiscint níos fearr ar an ngá atá le coigilteas leordhóthanach scoir a fhorbairt agus ar fheidhmiú táirgí pinsin phearsanta. Tríd an tuiscint sin a neartú, is féidir tacú le rannpháirtíocht níos leithne i scéimeanna pinsin fhorlíontaigh agus rannchuidiú le torthaí scoir níos leordhóthanaí.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1 c) Gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát, féadfaidh comhordú ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear malartú dea-chleachtas agus forbairt uirlisí coiteanna cumarsáide, rannchuidiú le feabhas a chur ar fheasacht agus ar thuiscint ar tháirgí pinsin phearsanta ar fud an Aontais.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 g (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1 g) Níor cheart go ndéanfadh forbairt agus dáileadh TPPUnna dochar do leordhóthanacht an ioncaim scoir, i gcomhréir le Prionsabal 15 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 i (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1 i) I gcás inarb iomchuí, ba cheart táscairí a fhaightear ó Scórchlár Sóisialta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar TPPUnna.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Cé gur inniúlacht náisiúnta i gcónaí é eagrú na gcóras pinsean, is ábhar leasa choitinn iad leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht airgeadais na bpinsean maidir le cobhsaíocht agus comhtháthú an Aontais. ***Trína áirithiú go mbeidh rochtain ag saoránaigh ar tháirgí*** pinsin	(2) Cé gur inniúlacht náisiúnta i gcónaí é eagrú na gcóras pinsean, is ábhar leasa choitinn iad leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht airgeadais na bpinsean maidir le cobhsaíocht agus comhtháthú an Aontais. ***Is féidir le socruithe comhlántacha pinsin ceirde agus*** pinsin

phearsanta ***dea-cheaptha, rannchuidítear le slándáil airgeadais aonair agus le hathléimneacht gheilleagar an Aontais araon***.	phearsanta ***rannchuidiú le hioncam scoir, ar choinníoll go gcloíonn siad le dianchaighdeáin rialachais, trédhearcachta agus cosanta tomhaltóirí. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach ról, neamhspleáchas agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta a threisiú, rud a chuirfidh ar a gcumas socruithe éifeachtacha pinsin ceirde a fhorbairt trí chomhaontuithe comhchoiteanna***.

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2 a) I gcomhréir le Prionsabal 2 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus le Tuarascáil ó PE maidir leis an mbearna phá agus phinsin idir na hinscní san Aontas: staid na himeartha, dúshláin agus an bealach chun cinn, agus treoirlínte a fhorbairt maidir le meastóireacht níos fearr agus luach saothair níos cothroime as obair in earnálacha ina bhfuil ceannas ag mná (2025/2038(INI)), ba cheart don Rialachán seo rannchuidiú le comhionannas idir mná agus fir, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar an mbearna phinsin idir na hinscní.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Is nasc lárnach iad pinsin phearsanta idir coigilteoirí fadtéarmacha agus deiseanna infheistíochta fadtéarmaí, rud a chuidíonn le margaí caipitil a dhoimhniú agus le soláthar cistiúcháin chobhsaí don fhíorgheilleagar a leathnú. Is catagóir thábhachtach d'infheisteoirí institiúideacha iad cistí pinsean ar féidir leo cabhrú le hinfheistíochtaí táirgiúla a mhaoiniú, tacú leis an bhfás, leis an nuálaíocht agus leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, rud a chruthóidh deiseanna fostaíochta níos fearr agus táirgiúlacht níos airde.	(4) Is nasc lárnach iad pinsin phearsanta idir coigilteoirí fadtéarmacha agus deiseanna infheistíochta fadtéarmaí, rud a chuidíonn le margaí caipitil a dhoimhniú agus le soláthar cistiúcháin chobhsaí don fhíorgheilleagar a leathnú. Is catagóir thábhachtach d'infheisteoirí institiúideacha iad cistí pinsean ar féidir leo cabhrú le hinfheistíochtaí táirgiúla a mhaoiniú, tacú leis an bhfás, leis an nuálaíocht agus leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, rud a chruthóidh deiseanna fostaíochta níos fearr agus táirgiúlacht níos airde. ***Mar sin féin, ba cheart do gach cineál beart atá beartaithe chun borradh a chur faoi rannpháirtíocht cistí pinsin i margaí caipitil prionsabal an duine stuama a chomhlíonadh agus a áirithiú go dtabharfar tús áite i gcónaí do leasanna na dtairbhithe.***

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Is é is aidhm don Aontas Coigiltis agus Infheistíochta a d'fhógair an Coimisiún ina Theachtaireacht an 19 Márta 2015[3] é a chur ar a gcumas do na saoránaigh coigilteas agus infheistíocht a dhéanamh ar mhaithe lena dtodhchaí, infheistíochtaí a dhíriú i dtreo thosaíochtaí an Aontais, comhtháthú agus scála i margaí caipitil an Aontais a dhoimhniú, agus maoirseacht éifeachtach a áirithiú ar fud an mhargaidh aonair. I measc na gceithre shnáithe sin, tá sé i gcroílár uaillmhian an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta cabhrú le saoránaigh airgead a shábháil	(5) Is é is aidhm don Aontas Coigiltis agus Infheistíochta a d'fhógair an Coimisiún ina Theachtaireacht an 19 Márta 2015[3] é a chur ar a gcumas do na saoránaigh coigilteas agus infheistíocht a dhéanamh ar mhaithe lena dtodhchaí, infheistíochtaí a dhíriú i dtreo thosaíochtaí an Aontais, comhtháthú agus scála i margaí caipitil an Aontais a dhoimhniú, agus maoirseacht éifeachtach a áirithiú ar fud an mhargaidh aonair. I measc na gceithre shnáithe sin, tá sé i gcroílár uaillmhian an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta cabhrú le saoránaigh airgead a shábháil

agus infheistíocht a dhéanamh ar mhaithe lena dtodhchaí. ***Ceann de na bealaí is nithiúla inar féidir leis an Aontas difear a dhéanamh i saol na ndaoine is ea*** a áirithiú ***gur féidir le saoránaigh an Aontais ioncam leordhóthanach scoir a thiomargadh***. Léiríonn an obair ar phinsin fhorlíontacha, agus go háirithe ar phinsin phearsanta, an cur chuige sin atá dírithe ar an saoránach. Tá an Táirge Pinsin Phearsanta uile-Eorpach (TPPU) ceaptha chun rochtain a thabhairt do shaoránaigh an Aontais ar tháirge simplí, trédhearcach agus iniompartha ar féidir leo muinín a bheith acu as, rud a chuidíonn leo sábháil go muiníneach agus pleanáil dá scor cibé áit a bhfuil siad ina gcónaí nó ag obair san Aontas. Tríd an gcreat TPPU a athbheochan, féachann an tAontas nach amháin le slándáil airgeadais na saoránach a neartú ach le coigilteas fadtéarmach a dhíriú freisin ar infheistíochtaí táirgiúla a thacaíonn le fás, athléimneacht agus le haistriú glas agus aistriú digiteach an Aontais.

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 19 Márta 2025, COM(2025) 124 final.

agus infheistíocht a dhéanamh ar mhaithe lena dtodhchaí. ***Agus tacaíocht á tabhairt d'fhorbairt Aontas na Margaí Caipitil, níor cheart go mbainfeadh an Rialachán seo an bonn ón bpríomhchuspóir ioncam scoir leordhóthanach, sábháilte agus inbhuanaithe*** a áirithiú ***do shaoránaigh***. Léiríonn an obair ar phinsin fhorlíontacha, agus go háirithe ar phinsin phearsanta, an cur chuige sin atá dírithe ar an saoránach. Tá an Táirge Pinsin Phearsanta uile-Eorpach (TPPU) ceaptha chun rochtain a thabhairt do shaoránaigh an Aontais ar tháirge simplí, trédhearcach agus iniompartha ar féidir leo muinín a bheith acu as, rud a chuidíonn leo sábháil go muiníneach agus pleanáil dá scor cibé áit a bhfuil siad ina gcónaí nó ag obair san Aontas. Tríd an gcreat TPPU a athbheochan, féachann an tAontas nach amháin le slándáil airgeadais na saoránach a neartú ach le coigilteas fadtéarmach a dhíriú freisin ar infheistíochtaí táirgiúla a thacaíonn le fás, athléimneacht agus le haistriú glas agus aistriú digiteach an Aontais.

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 19 Márta 2025, COM(2025) 124 final.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Tá ról tábhachtach ag dreasachtaí cánach maidir le glacadh táirgí pinsin	(9) Tá ról tábhachtach ag dreasachtaí cánach maidir le glacadh táirgí pinsin

phearsanta a spreagadh i roinnt Ballstát. ***D'fhéadfadh foirmeacha éagsúla a bheith i gceist le dreasachtaí cánach le haghaidh táirgí pinsin phearsanta. I roinnt mhaith Ballstát, tá na ranníocaíochtaí a íoctar as táirgí pinsin phearsanta incháilithe d'fhaoiseamh cánach de chineál éigin. Ar an gcaoi chéanna, i roinnt mhaith Ballstát, níl torthaí infheistíochta na dtáirgí pinsin phearsanta faoi réir cánach, ar bhonn díolúine shainráite nó díolúine de facto, má tá an soláthraí faoi réir cánach ach más féidir leis na leithdháiltí chuig an gcúlchiste pinsin a asbhaint ón mbonn cánach. Féadfar dreasachtaí cánach a dheonú freisin le linn chéim an dícharntha, trí ráta cánach fabhrach a chur i bhfeidhm maidir le heisíocaíocht an phinsin phearsanta. Tá feidhm ag prionsabal na cóireála náisiúnta maidir le coigilteoirí TPPU. Dá bhrí sin, ba cheart TPPU atá inchomparáide go hoibiachtúil le táirge pinsin phearsanta a mhargaítear i mBallstát ar leith a bheith in ann tairbhiú den fhaoiseamh cánach céanna a dheonaítear don táirge pinsin phearsanta sa Bhallstát sin. Ba cheart feidhm a bheith aige sin freisin i gcás ina soláthraíonn soláthraí ó Bhallstát eile an TPPU. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcóireáil chéanna nach lú fabhar freisin maidir le bearta faoin dlí náisiúnta*** a bhaineann le ***dreasachtaí eile do tháirgí pinsin phearsanta nó le bearta a bhfuil cuspóir nó éifeacht choibhéiseach acu***.

phearsanta a spreagadh i roinnt Ballstát. ***Mar sin féin, tá cánachas fós ina chroí-inniúlacht de chuid na mBallstát. Le haon bheart*** a bhaineann le ***cóireáil cánach TPPUnna, ba cheart ceannasacht fhioscach náisiúnta a urramú agus comhchuibhiú díreach nó indíreach a sheachaint***.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Chun glacadh TPPUnna a chothú,	(10) Chun glacadh TPPUnna a chothú,

tá sé fíor-riachtanach go soláthróidh TPPU luach ar airgead do choigilteoirí agus, dá bhrí sin, go mbeidh sé tarraingteach agus iomaíoch. Chun a áirithiú go ndéanfaidh soláthraithe TPPUnna ionchasacha táirgí a dhearadh i gcomhréir leis na cuspóirí sin, ba cheart ***a léiriú san*** iarratas ar chlárú TPPU ***go bhfuil sé d'acmhainn acu*** na ceanglais maidir le formhaoirseacht agus rialachas táirgí a chomhlíonadh agus a léiriú conas a dheartar an táirge chun luach ar airgead a sholáthar do choigilteoirí TPPU.	tá sé fíor-riachtanach go soláthróidh TPPU luach ar airgead do choigilteoirí agus, dá bhrí sin, go mbeidh sé tarraingteach agus iomaíoch. Chun a áirithiú go ndéanfaidh soláthraithe TPPUnna ionchasacha táirgí a dhearadh i gcomhréir leis na cuspóirí sin, ba cheart ***don*** iarratas ar chlárú TPPU, ***agus a roghanna uile,*** na ceanglais maidir le formhaoirseacht agus rialachas táirgí a chomhlíonadh agus a léiriú conas a dheartar an táirge chun luach ar airgead a sholáthar do choigilteoirí TPPU.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Ceanglaítear le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2019/1238 go ndéanfaidh soláthraithe TPPUnna an TPPU Bunúsach a dháileadh más mian leo leaganacha malartacha a dháileadh freisin. Cuireann an ceanglas sin srian ar chumas agus ar spéis roinnt soláthraithe TPPUnna a dháileadh, ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh an TPPU Bunúsach ag teacht lena samhail ghnó nó lena straitéis ghnó. Ina theannta sin, leis an teorannú atá ann faoi láthair do chúig rogha mhalartacha ar a mhéad, cuirtear srian ar chumas soláthraithe táirgí a dhearadh atá ina léiriú ar roghanna, imthosca agus próifílí riosca coigilteoirí. Dá gceadófaí do sholáthraithe líon agus cineál na roghanna infheistíochta a chinneadh, chuirfí ar a gcumas dóibh réitigh níos saincheaptha a thairiscint***, lena n-áirítear TPPUnna pearsantaithe atá oiriúnach do shocruithe san ionad oibre nó d'uathchlárú***. Is gá, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le níos mó solúbthachta do sholáthraithe TPPUnna agus a áirithiú	(18) Ceanglaítear le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2019/1238 go ndéanfaidh soláthraithe TPPUnna an TPPU Bunúsach a dháileadh más mian leo leaganacha malartacha a dháileadh freisin. Cuireann an ceanglas sin srian ar chumas agus ar spéis roinnt soláthraithe TPPUnna a dháileadh, ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh an TPPU Bunúsach ag teacht lena samhail ghnó nó lena straitéis ghnó. Ina theannta sin, leis an teorannú atá ann faoi láthair do chúig rogha mhalartacha ar a mhéad, cuirtear srian ar chumas soláthraithe táirgí a dhearadh atá ina léiriú ar roghanna, imthosca agus próifílí riosca coigilteoirí. Dá gceadófaí do sholáthraithe líon agus cineál na roghanna infheistíochta a chinneadh, chuirfí ar a gcumas dóibh réitigh níos saincheaptha a thairiscint. Is gá, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le níos mó solúbthachta do sholáthraithe TPPUnna agus a áirithiú an tráth céanna go leanfaidh trédhearcacht, inchomparáideacht agus cosaint tomhaltóirí de bheith á

an tráth céanna go leanfaidh trédhearcacht, inchomparáideacht agus cosaint tomhaltóirí de bheith á gcosaint trí cheanglais iomchuí maidir le nochtadh agus rialachas táirgí.

gcosaint trí cheanglais iomchuí maidir le nochtadh agus rialachas táirgí.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Ceanglaítear le hAirteagal 45(2) de Rialachán (AE) 2019/1238 go mbeidh an TPPU Bunúsach faoi réir uasteorainn 1 % ar chostais agus ar tháillí, agus le hAirteagal 34(2) den Rialachán sin, cuirtear d'oibleagáid ar sholáthraí TPPUnna nó ar dháileoir TPPUnna comhairle a sholáthar sula dtabharfar conradh maidir le TPPU Bunúsach i gcrích. ***Tá ábhair imní tagtha chun cinn i dtaca leis na ceanglais sin i measc soláthraithe agus dáileoirí féideartha, ós rud é go meastar go gcuireann na ceanglais sin teorainn le hinmharthanacht tráchtála TPPUanna a thairiscint, lena n-áirítear trí bhealaí digiteacha. Thairis sin, ní gá gurb í an uasteorainn sheasta 1 % ar tháillí an bealach is éifeachtaí chun coigilteoirí agus tairbhithe a chosaint, agus ní léiríonn sí gaol comhréireach idir na sochair agus na tairiscintí maidir le torthaí a thugtar do choigilteoirí, na costais a iompraíonn soláthraithe, agus na táillí a ghearrtar. Is minic a thabhaíonn soláthraithe caillteanais i mblianta tosaigh conartha, nuair a bhíonn costais éadála agus tionscanta ard, agus d'fhéadfadh coigilteoirí a bheith faoi mhíbhuntáiste ag uasteorainn táille sna blianta ina dhiaidh sin de réir mar a mhéadaíonn a n-ollmhéid caipitil carntha agus na dearbhchostais a ghearrtar, cé go dteastaíonn níos lú iarracht***	(19) Ceanglaítear le hAirteagal 45(2) de Rialachán (AE) 2019/1238 go mbeidh an TPPU Bunúsach faoi réir uasteorainn 1 % ar chostais agus ar tháillí, agus le hAirteagal 34(2) den Rialachán sin, cuirtear d'oibleagáid ar sholáthraí TPPUnna nó ar dháileoir TPPUnna comhairle a sholáthar sula dtabharfar conradh maidir le TPPU Bunúsach i gcrích. Chun glacadh TPPU a chur chun cinn, agus chun táirge inbhuanaithe ardcháilíochta a áirithiú, is gá ***nach rachaidh costais iomlána TPPU Bhunúsaigh thar 1 % den chaipiteal carntha in aghaidh na bliana***. ***Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, tar éis dó dul i gcomhairle le ÚEÁPC, chun uasleibhéal costais níos ísle a shocrú i gcás ina mbeidh údar leis sin de bharr forbairtí sa mhargadh agus an ghá atá le hardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú***. Chun cosaint tomhaltóirí a chaomhnú agus chun a áirithiú go leanfaidh an TPPU Bunúsach de bheith ina tháirge simplí atá oiriúnach chun críoch scoir, ba cheart é a cheapadh le straitéis infheistíochta saolré leabaithe, lena soláthrófar cothromaíocht oiriúnach idir fás agus maolú riosca. Ar an gcúis chéanna, ba cheart sócmhainní an TPPU Bhunúsaigh a infheistiú den chuid is mó i sócmhainní liostaithe agus neamhchasta de réir bhrí Airteagal 25(4), an chéad fhomhír, de

bhainistíochta. D'fhéadfadh míchothrom iomaíochta a bheith mar thoradh ar an uasteorainn táille 1 % mar gheall ar dhifríochtaí i gcóireáil CBL ar fud na mBallstát. Dá bhrí sin, chun glacadh TPPU a chur chun cinn, agus chun táirge inbhuanaithe ardcháilíochta a áirithiú, is gá ***deireadh a chur leis na ceanglais sin***. Chun cosaint tomhaltóirí a chaomhnú agus chun a áirithiú go leanfaidh an TPPU Bunúsach de bheith ina tháirge simplí atá oiriúnach chun críoch scoir, ba cheart é a cheapadh le straitéis infheistíochta saolré leabaithe, lena soláthrófar cothromaíocht oiriúnach idir fás agus maolú riosca. Ar an gcúis chéanna, ba cheart sócmhainní an TPPU Bhunúsaigh a infheistiú den chuid is mó i sócmhainní liostaithe agus neamhchasta de réir bhrí Airteagal 25(4), an chéad fhomhír, de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7]. Chun éagsúlú a chur chun cinn agus simplíocht á coinneáil ag an am céanna, ba cheart cead a bheith ag soláthraithe an TPPU Bhunúsaigh cuid bheag de na sócmhainní, nach mó ná 5 % iad, a leithdháileadh ar ionstraimí airgeadais eile, lena n-áirítear sócmhainní malartacha.

[7] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (athmhúnlú) (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj)

Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7]. Chun éagsúlú a chur chun cinn agus simplíocht á coinneáil ag an am céanna, ba cheart cead a bheith ag soláthraithe an TPPU Bhunúsaigh cuid bheag de na sócmhainní, nach mó ná 5 % iad, a leithdháileadh ar ionstraimí airgeadais eile, lena n-áirítear sócmhainní malartacha.

[7] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (athmhúnlú) (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj)

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Chun cáilíocht na comhairle a áirithiú agus chun leasanna coigilteoirí TPPU ionchasacha a chosaint, ba cheart aon chomhairle a thabharfar maidir leis an TPPU Bunúsach a thabhairt ar bhonn neamhspleách agus arna iarraidh sin don chliant amháin. I bhfianaise chineál neamhchasta an TPPU Bhunúsaigh agus chineál neamhspleách na comhairle, is iomchuí a fhoráil, i gcás ina dtabharfar comhairle den sórt sin, nach mbeidh an dáileoir TPPUnna faoi oibleagáid faisnéis a fháil maidir le heolas agus taithí an choigilteora TPPU ionchasaigh. Áirithítear leis an gcur chuige sin go leanfaidh an chomhairle de bheith oibiachtúil, comhréireach agus éifeachtúil do dháileoirí, agus an tráth céanna go gcoinneofar ardchaighdeán cosanta infheisteoirí ar bun agus go gcuirfear inrochtaineacht an TPPU Bhunúsaigh chun cinn ar fud an Aontais trí bhealaí dáileacháin éagsúla. Maidir leis na TPPUnna saincheaptha, níos sofaisticiúla, tá comhairle ríthábhachtach i gcónaí chun an tairiscint is oiriúnaí agus is saincheaptha a chur ar fáil do choigilteoirí ionchasacha, agus a gcuid eolais, a staid airgeadais agus a bhfonn riosca á gcur san áireamh.	(20) Chun cáilíocht na comhairle a áirithiú agus chun leasanna coigilteoirí TPPU ionchasacha a chosaint, ba cheart aon chomhairle a thabharfar maidir leis an TPPU Bunúsach a thabhairt ar bhonn neamhspleách agus arna iarraidh sin don chliant amháin. I bhfianaise chineál neamhchasta an TPPU Bhunúsaigh agus chineál neamhspleách na comhairle, is iomchuí a fhoráil, i gcás ina dtabharfar comhairle den sórt sin, nach mbeidh an dáileoir TPPUnna faoi oibleagáid faisnéis a fháil maidir le heolas agus taithí an choigilteora TPPU ionchasaigh. Áirithítear leis an gcur chuige sin go leanfaidh an chomhairle de bheith oibiachtúil, comhréireach agus éifeachtúil do dháileoirí, agus an tráth céanna go gcoinneofar ardchaighdeán cosanta infheisteoirí ar bun agus go gcuirfear inrochtaineacht an TPPU Bhunúsaigh chun cinn ar fud an Aontais trí bhealaí dáileacháin éagsúla. Maidir leis na TPPUnna saincheaptha, níos sofaisticiúla, tá comhairle ríthábhachtach i gcónaí chun an tairiscint is oiriúnaí agus is saincheaptha a chur ar fáil do choigilteoirí ionchasacha, agus a gcuid eolais, a staid airgeadais agus a bhfonn riosca á gcur san áireamh. ***Chun trédhearcacht éifeachtach agus cinnteoireacht eolasach ag coigilteoirí TPPU a áirithiú, ba cheart faisnéis faoi chostais a chur i láthair ar bhealach soiléir, simplí agus sothuigthe. Dá n-úsáidfí ilchoincheapa costais, táscairí agus formáidí láithreoireachta, d'fhéadfaí trédhearcacht a laghdú seachas í a fheabhsú agus d'fhéadfaí bac a chur ar inchomparáideacht idir táirgí. Is iomchuí, dá bhrí sin, cur i láthair na faisnéise faoi chostais a chuíchóiriú ionas gur féidir le coigilteoirí tionchar foriomlán na gcostas ar a n-infheistíocht a thuiscint go héasca agus soláthraithe éagsúla a chur i gcomparáid le chéile. Féadfar faisnéis níos mionsonraithe agus níos teicniúla a***

sholáthar, i gcás inarb iomchuí, trí nochtaí srathacha, lena n-áiritheofar go leanfaidh faisnéis bhunriachtanach de bheith inrochtana agus go mbeidh sonraí breise ar fáil dóibh siúd a iarrann iad.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) Tá sé cruthaithe gur rud éifeachtach iad ranníocaíochtaí fostóirí, lena n-áirítear trí shocruithe uathchláraithe, maidir le bacainní iompraíochta ar choigilteas a shárú, lena n-áirítear táimhe nó easpa litearthachta airgeadais, agus muinín, rannpháirteachas agus rannpháirtíocht i bpinsin fhorlíontacha á gcothú ag an am céanna. Dá n-aithneofaí go sainráite go gceadaítear d'fhostóirí ranníocaíochtaí deonacha a dhéanamh le TPPU, d'fhéadfaí feabhas suntasach a chur ar infheictheacht, ábharthacht agus glacadh TPPUnna, go háirithe i measc grúpaí nach ndéantar freastal ceart orthu, lena n-áirítear oibrithe ar ioncam íseal agus oibrithe páirtaimseartha agus oibrithe óga go luath ina ngairmeacha. ***Ar an gcaoi chéanna, dá gceadófaí d'fhostóirí an TPPU a roghnú i gcomhthéacs socrú san ionad oibre ina n-úsáidtear uathchlárú, d'fhéadfaí glacadh an TPPU a neartú a thuilleadh agus an deis a thairiscint d'fhostaithe, go háirithe i mBallstáit nach bhfuil córais pinsean ceirde chomh forbartha céanna acu, a gcoigilteas a infheistiú le haghaidh scoir i dtáirgí dea-rialáilte agus costéifeachtacha. Dá bhrí sin, níor cheart do na Ballstáit cosc a chur ar fhostóirí ranníocaíocht a dhéanamh le TPPUnna agus ba cheart dóibh a áirithiú go dtacófar leis na ranníocaíochtaí sin le***	(22) Tá sé cruthaithe gur rud éifeachtach iad ranníocaíochtaí fostóirí, lena n-áirítear trí shocruithe uathchláraithe, maidir le bacainní iompraíochta ar choigilteas a shárú, lena n-áirítear táimhe nó easpa litearthachta airgeadais, agus muinín, rannpháirteachas agus rannpháirtíocht i bpinsin fhorlíontacha á gcothú ag an am céanna. Dá n-aithneofaí go sainráite go gceadaítear d'fhostóirí ranníocaíochtaí deonacha a dhéanamh le TPPU, d'fhéadfaí feabhas suntasach a chur ar infheictheacht, ábharthacht agus glacadh TPPUnna, go háirithe i measc grúpaí nach ndéantar freastal ceart orthu, lena n-áirítear oibrithe ar ioncam íseal agus oibrithe páirtaimseartha agus oibrithe óga go luath ina ngairmeacha.

rialacha soiléire maidir le faisnéis a sholáthar d'fhostaithe. Gan dochar do chineál pearsanta an TPPU, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a cheadú freisin go soláthrófaí TPPUnna mar chuid de shocrú ionaid oibre ina n-úsáidtear uathchlárú, i gcás ina bhfuil sé sin i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta sóisialta agus saothair, comhoiriúnach d'eagrú na gcóras pinsean agus do chomhaontuithe comhchoiteanna, agus nach gcuireann sé isteach ar na scéimeanna pinsin ceirde atá ann cheana. Chun úsáid TPPU a éascú i gcomhthéacs an ionaid oibre, tá gá le roinnt leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/1238 chun a áirithiú nach gcuirfidh aon bhacainn mhíchuí bac ar ranníocaíochtaí fostóirí agus chun an creat ábhartha a oiriúnú do shainiúlachtaí na socruithe san ionad oibre.

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Is de chineál fadtéarmach iad na coigiltis arna gcarnadh i dtáirgí pinsin phearsanta. Mar sin féin, chun glacadh TPPUnna a éascú, tá sé tábhachtach nach gcuirfidh na Ballstáit bac ar aistriú coigilteas scoir eile chuig TPPUnna. Chun aistrithe den sórt sin a dhéanamh tarraingteach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh TPPUnna faoi réir bacainní airgeadais nó riaracháin atá idirdhealaitheach nó díréireach a d'fhágfadh go mbeadh aistriú chuig TPPU níos costasaí ná aistrithe idir táirgí pinsin phearsanta eile. ***Ar an gcúis chéanna, ba cheart TPPUnna a thairbhiú den chóireáil cánach chéanna agus a***	(23) Is de chineál fadtéarmach iad na coigiltis arna gcarnadh i dtáirgí pinsin phearsanta. Mar sin féin, chun glacadh TPPUnna a éascú, tá sé tábhachtach nach gcuirfidh na Ballstáit bac ar aistriú coigilteas scoir eile chuig TPPUnna. Chun aistrithe den sórt sin a dhéanamh tarraingteach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh TPPUnna faoi réir bacainní airgeadais nó riaracháin atá idirdhealaitheach nó díréireach a d'fhágfadh go mbeadh aistriú chuig TPPU níos costasaí ná aistrithe idir táirgí pinsin phearsanta eile.

dtairbhíonn táirgí pinsin phearsanta náisiúnta inchomparáide di.

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Áirithítear leis na forálacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1238 ardleibhéal cosanta do choigilteoirí TPPU agus do thairbhithe TPPU. Leis an Rialachán seo, ***cuirtear deireadh leis an uasteorainn táillí le haghaidh TPPUnna. Dá réir sin, le forálacha náisiúnta níor*** cheart ***uasteorainneacha nó teorainneacha comhchosúla den sórt sin a thabhairt isteach, ar uasteorainneacha nó teorainneacha iad is infheidhme maidir le TPPUnna agus a dhéanfadh difear do chur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin seo***.	(27) Áirithítear leis na forálacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1238 ardleibhéal cosanta do choigilteoirí TPPU agus do thairbhithe TPPU. Leis an Rialachán seo, ***tugtar isteach cur chuige tagarmharcbhunaithe i leith costas, mar aon le trédhearcacht iomlán agus faireachán maoirseachta. Ba*** cheart ***solúbthacht a sholáthar leis agus a áirithiú ag an am céanna go leanfaidh táillí de bheith comhréireach agus iomaíoch***.

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Chun am leordhóthanach a thabhairt d'údaráis inniúla, do sholáthraithe TPPUnna agus do dháileoirí TPPUnna oiriúnú do cheanglais an Rialacháin seo, is iomchuí foráil a dhéanamh do bhliain ***amháin*** chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm chun cur chun feidhme agus comhlíonadh éifeachtach a áirithiú.	(31) Chun am leordhóthanach a thabhairt d'údaráis inniúla, do sholáthraithe TPPUnna agus do dháileoirí TPPUnna oiriúnú do cheanglais an Rialacháin seo, is iomchuí foráil a dhéanamh do ***dhá*** bhliain chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm chun cur chun feidhme agus comhlíonadh éifeachtach a áirithiú.

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 31 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(31 a) Níor cheart lagú ar chórais pinsin reachtúla ná ar scéimeanna pinsin ceirde a bheith mar thoradh ar chur chun cinn táirgí pinsin phearsanta, arb iad bunchlocha an tsoláthair scoir sna Ballstáit i gcónaí iad.

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 31 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(31 b) Chun malartú dea-chleachtas a chur chun cinn agus tuiscint chuimsitheach a chothú ar threochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le soláthar scoir ar fud an Aontais, is iomchuí ardán rialta a bhunú le haghaidh idirphlé ina mbeidh na Ballstáit, institiúidí an Aontais Eorpaigh, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha rannpháirteach. Ba cheart d'fhóram den sórt sin cur le tionscnaimh atá ann cheana agus rannchuidiú le ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise trí ghnéithe airgeadais agus sóisialta araon de chórais pinsean a chur san áireamh. Go háirithe, ba cheart aghaidh a thabhairt sa phlé ar leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht an ioncaim scoir, ar chumhdach catagóirí éagsúla oibrithe, lena n-áirítear iad siúd atá i gcineálacha neamhchaighdeánacha

	fostaíochta, agus ar ról na bpinsean ceirde agus pearsanta maidir le scéimeanna poiblí a chomhlánú. Tá rannpháirtíocht ghníomhach na gcomhpháirtithe sóisialta ríthábhachtach sa chomhthéacs sin, i gcomhréir le cleachtais náisiúnta. Ba cheart go rannchuideodh an malartú sin le creat pinsin níos cuimsithí, níos cothroime agus níos éifeachtaí a fhorbairt san Aontas, i gcomhréir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.
	Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 31 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(31 c) Ba cheart gach teidlíocht scoir fhabhraithe a chumhdach le córais rianaithe pinsean uile-Aontais, lena n-áirítear TPPU. Ba cheart inchomparáideacht shimplí na dteidlíochtaí pinsin uile a cheadú leis, agus idirdhealú soiléir á dhéanamh idir comhpháirteanna ráthaithe agus neamhráthaithe agus sárú ar na costais riaracháin uile ar fud scéimeanna pinsin éagsúla agus soláthraithe pinsin éagsúla.
	Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 2 (1)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) ‘ciallaíonn “straitéis infheistíochta saolré” straitéis infheistíochta lena gcoigeartaítear an leibhéal riosca a ghabhann le hinfheistíochtaí de réir conair faoileoireachta réamhchinntithe atá dírithe ar riosca infheistíochta a mhaolú agus lena soláthraítear leibhéal réasúnta luachmhéadaithe fhadtéarmaigh, agus aois nó dáta scoir an duine aonair, agus i gcás inarb ábhartha, próifíl eisíocaíochta an táirge á gcur san áireamh, chun an riosca go mbeidh caillteanais mhóra ann a íoslaghdú.’;	(35) ciallaíonn “straitéis infheistíochta saolré” straitéis infheistíochta lena gcoigeartaítear an leibhéal riosca a ghabhann le hinfheistíochtaí de réir conair faoileoireachta réamhchinntithe atá dírithe ar riosca infheistíochta a mhaolú agus lena soláthraítear leibhéal réasúnta luachmhéadaithe fhadtéarmaigh, agus ***go háirithe*** aois nó dáta scoir an duine aonair, ***a fhonn riosca,*** agus i gcás inarb ábhartha, próifíl eisíocaíochta an táirge á gcur san áireamh go háirithe, chun an riosca go mbeidh caillteanais mhóra ann a íoslaghdú.’;

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 3 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
‘Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh TPPUnna cóireáil cánach nach lú fabhar ná an chóireáil a dheonaítear do tháirgí pinsin phearsanta eile. I gcás ina gcuirfidh Ballstát cineálacha nó leibhéil éagsúla faoisimh cánach i bhfeidhm maidir leis na táirgí pinsin phearsanta eile sin, beidh TPPU incháilithe don chóireáil is fabhraí atá ar fáil faoi dhlí an Bhallstáit sin.’;	***scriosta***

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe a
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 6 – mír 2 – pointe fa (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(fa) doiciméadacht lena léirítear go gcomhlíontar na ceanglais maidir le formhaoirseacht agus rialachas táirgí dá dtagraítear in Airteagal 25, lena n-áirítear ***faisnéis faoin gcaoi a bhfuil*** an TPPU ***ceaptha chun*** luach ar airgead ***a sholáthar*** do choigilteoirí TPPU;;	(fa) doiciméadacht lena léirítear go gcomhlíontar na ceanglais maidir le formhaoirseacht agus rialachas táirgí dá dtagraítear in Airteagal 25, lena n-áirítear ***go soláthraíonn*** an TPPU***, leis na roghanna uile atá aige,*** luach ar airgead do choigilteoirí TPPU;;

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 a (nua)
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 6 – mír 2 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4 a) Beidh na ceanglais a fhorchuirtear ar sholáthraithe TPPUnna maidir le dearadh táirgí, roghanna réamhshocraithe agus straitéisí infheistíochta comhréireach agus ní chuirfidh siad srian míchuí ar éagsúlacht na dtáirgí pinsin náisiúnta ná na samhlacha gnó náisiúnta.

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 23 – mír 3 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Ní mheasfar fostóirí sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 47(3) ***agus (4)*** a bheith ag gníomhú mar dháileoirí TPPUnna.;	3. Ní mheasfar fostóirí sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 47(3) a bheith ag gníomhú mar dháileoirí TPPUnna.;

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tabharfar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 72 chun na prionsabail a leagtar amach san Airteagal seo a shonrú a thuilleadh, lena n-áirítear,* ***(a) na coigeartuithe ar an modheolaíocht is infheidhme maidir le tagarmharcanna luacha ar airgead le haghaidh táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe faoi Airteagal 25 de Threoir (AE) 2016/97, a bhfuil gá leo chun tagarmharcanna maoirseachta ábhartha dá dtagraítear i mír 2, an chéad fhomhír, den Airteagal seo a fhorbairt. Léireoidh na coigeartuithe cineál fadtéarmach an TPPU le hinfhuascailteacht theoranta, agus áiritheofar leo go gcuirfear TPPUnna i gcomparáid le grúpaí de tháirgí pinsin phearsanta inchomparáide arna monarú agus arna ndáileadh i mBallstát amháin nó níos mó. ***(b) na critéir chun a chinneadh an bhfuil údar le costais agus muirir TPPU agus an bhfuil siad comhréireach de réir bhrí mhír 2, an chéad fhomhír.***	***scriosta***

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfear san áireamh sna gníomhartha tarmligthe sin ar bhealach comhréireach na gníomhaíochtaí a dhéantar, cineál na TPPUnna a dhíoltar agus cineál an dáileora.	***scriosta***

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 a (nua)
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 25 – mír 1a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9 a) Beidh tagarmharcanna maidir le luach ar airgead arna bhforbairt ag ÚEÁPC ina n-íoschaighdeáin de chuid an Aontais. Ní chuirfidh an Rialachán seo cosc ar na Ballstáit bearta náisiúnta níos déine maidir le costais, ráthaíochtaí nó cosaint tomhaltóirí a choinneáil ar bun ná a thabhairt isteach, ar choinníoll go bhfuil na bearta sin neamh-idirdhealaitheach.

Or. en

Réasúnú

Leis an leasú seo, cuirtear cosc ar arbatráiste rialála agus sodar go grinneall faoi Airteagal 114 CFAE.

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 b (nua)
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 25 – mír 2a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9 b) Ní fhéadfar costais agus muirir a théann thar na costais agus na muirir is infheidhme maidir leis an TPPU Bunúsach a cheadú ach amháin i gcás TPPUnna a éilíonn comhairle éigeantach neamhspleách agus phearsantaithe, ar choinníoll gur féidir leis an soláthraí TPPUnna a léiriú go bhfuil na costais sin comhréireach leis an luach breise arna sheachadadh don choigilteoir TPPU.

Or. en

Réasúnú

Áirithítear leis sin idirdhealú cothrom idir táirgí mainneachtana simplí agus TPPUnna níos casta a dteastaíonn comhairle uathu, gan costais iomarcacha a chur ar choigilteoirí nach moltar.

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe a – pointe ii
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 28 – mír 3 – pointe c ii (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(xv) i gcás ina soláthraítear an TPPU d'fhostaí mar chuid de shocrú ionaid oibre ina n-úsáidtear uathchlárú, an fhaisnéis seo a leanas:	***scriosta***
— na cearta um rogha gan a bheith páirteach a comhaontaíodh tráth an chláraithe;	

— rialacha dílsithe is infheidhme;

— i gcás inarb infheidhme, na conairí dícharntha réamhshocraithe nó na roghanna dícharntha éagsúla eile;

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe b
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 28 – mír 3 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
‘faoi roinn dar teideal “Cad iad na costais?”, na costais a bhaineann le hinfheistíocht sa TPPU, lena gcuimsítear costais dhíreacha agus indíreacha a bheidh le híoc ag an gcoigilteoir TPPU, lena n-áirítear costais aonuaire agus athfhillteacha, a chuirtear i láthair trí tháscairí achoimre ar na costais sin agus, chun inchomparáideacht a áirithiú, iomlán na gcostas comhiomlán a léireofar i dtéarmaí airgeadaíochta agus céatadáin, chun éifeachtaí iolraithe na gcostas iomlán ar an infheistíocht a léiriú le linn an 12 mhí roimhe sin agus meastachán ar thionchar na gcostas ar an gcaipitil deiridh arna charnadh. I gcás inarb infheidhme, déanfar na costais a ghearrfar i leith na ráthaíochta caipitil a nochtadh go sainráite agus ar leithligh.’;	‘faoi roinn dar teideal “Cad iad na costais?”, na costais a bhaineann le hinfheistíocht sa TPPU, lena gcuimsítear costais dhíreacha agus indíreacha a bheidh le híoc ag an gcoigilteoir TPPU, lena n-áirítear costais aonuaire agus athfhillteacha, a chuirtear i láthair trí tháscairí achoimre ar na costais sin agus, chun inchomparáideacht a áirithiú, iomlán na gcostas comhiomlán a léireofar i dtéarmaí airgeadaíochta agus céatadáin, chun éifeachtaí iolraithe na gcostas iomlán ar an infheistíocht a léiriú le linn an 12 mhí roimhe sin agus meastachán ar thionchar na gcostas ar an gcaipitil deiridh arna charnadh. I gcás inarb infheidhme, déanfar na costais a ghearrfar i leith na ráthaíochta caipitil a nochtadh go sainráite agus ar leithligh.’; ***Déanfar an fhaisnéis faoi chostais a chur i láthair ar bhealach soiléir, simplí agus sothuigthe, agus castacht nach bhfuil gá léi agus catagóirí costais forluiteacha á seachaint, agus cuirfidh sí ar chumas coigilteoirí TPPU tionchar foriomlán na gcostas a thuiscint go héasca, ar an tsracfhéachaint, agus soláthraithe éagsúla a chur i gcomparáid le chéile; féadfar faisnéis níos mionsonraithe agus níos teicniúla a sholáthar, i gcás inarb***

	iomchuí, trí nochtaí srathacha.

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe b
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 28 – mír 3 – pointe f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Déanfaidh soláthraithe TPPUnna na costais agus na muirir uile, lena n-áirítear a dtionchar ar thorthaí fadtéarmacha, a nochtadh go soiléir i bhformáid chaighdeánaithe shothuigthe lena gcumasófar inchomparáideacht thar tháirgí.

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 33 – mír 2a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2a. I gcás ina soláthrófar an TPPU d'fhostaí mar chuid de shocrú ionaid oibre ina n-úsáidtear uathchlárú, soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 don fhostaí go pras tar éis an chláraithe sa socrú lena mbaineann.';	***scriosta***

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 – pointe a
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 36 – mír 1 – pointe d – an dara habairt

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
‘Má bhíonn na réamh-mheastacháin sochair pinsin bunaithe ar chásanna eacnamaíocha, áireofar san fhaisnéis sin freisin an cás is fearr de réir na meastachán, cás fabhrach agus cás neamhfhabhrach, agus cineál sonrach an chonartha TPPU á chur san áireamh;’;	‘Má bhíonn na réamh-mheastacháin sochair pinsin bunaithe ar chásanna eacnamaíocha, áireofar san fhaisnéis sin freisin an cás is fearr de réir na meastachán, cás fabhrach agus cás neamhfhabhrach, agus cineál sonrach an chonartha TPPU á chur san áireamh;’; ***Cuirfear an fhaisnéis i láthair ar bhealach soiléir, simplí agus sothuigthe, agus castacht nach bhfuil gá léi á seachaint.***

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 a (nua)
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 45 – mír 1a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(18 a) 4. Áireofar leis an TPPU Bunúsach ceann amháin ar a laghad de na sásraí cosanta seo a leanas sna roghanna infheistíochta: (a) cosaint chaipitil ag deireadh chéim an charntha; nó (b) ráthaíocht íosta maidir le toradh iarbhír; nó (c) toradh atá nasctha le tagarmharc stuama atá sainithe go hoibiachtúil, amhail fíorphá nó fás ioncaim.

Or. en

Réasúnú

Táirge pinsin réamhshocraithe nach bhfuil aon toradh ráthaithe air, níl sé comhoiriúnach le cuspóir sóisialta an choigiltis scoir.

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 45a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 45a
	TPPUnna d'oibrithe a bhfuil gairmeacha neamhleanúnacha acu
	I gcás oibrithe gníomhaireachta sealadacha, mac léinn, oibrithe ardáin agus daoine eile a bhfuil gairmeacha neamhleanúnacha acu, áiritheoidh soláthraithe TPPUnna an méid seo a leanas: (a) struchtúr uathoibríoch ar chostas íseal; (b) gan aon táillí iontrála, imeachta nó aistrithe a bheith ann; (c) cearta fabhraithe a chaomhnú le linn bristeacha gearra; (d) leithdháileadh infheistíochta thar a bheith cosantach mainneachtana. Sna Ballstáit inarb ann do scéimeanna pinsin a bhainistítear i dteannta a chéile do na grúpaí sin, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach ndéanfar TPPUnna a thairiscint mar ionadaí.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart go bhfeidhmeodh TPPU mar líontán sábhála tríú colún, seachas mar athsholáthar ar scéimeanna atá bunaithe ar an dlúthpháirtíocht.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 45 – mír 3a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3. Ní rachaidh costais agus muirir bhliantúla iomlána TPPU Bhunúsaigh, lena n-áirítear na costais dhíreacha agus indíreacha uile, thar 1 % den chaipiteal carntha in aghaidh na bliana. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, tar éis dó dul i gcomhairle le ÚEÁPC, chun uasleibhéal costais níos ísle a shocrú i gcás ina mbeidh údar leis sin de bharr forbairtí sa mhargadh agus an ghá atá le hardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú.

Or. en

Réasúnú

Ós rud é go ndáiltear an TPPU Bunúsach mar tháirge réamhshocraithe gan comhairle éigeantach, tá srianadh costais ex ante fíor-riachtanach, go háirithe i gcás rannchuiditheoirí ar ioncam íseal agus rannchuiditheoirí neamhrialta.

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19 a (nua)
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 45 – mír 5 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19 a) 5. Sna Ballstáit ina bhfuil táirgí pinsin phearsanta náisiúnta faoi réir íoschosaint éigeantach nó ráthaíochtaí fillte éigeantacha, ní dhéanfar leibhéal níos ísle cosanta a sholáthar le TPPUnna a dháilfear sna Ballstáit sin.

Or. en

Réasúnú

Seachnaítear leis sin teacht timpeall ar choimircí pinsin náisiúnta trí dháileadh PEPP.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 47 – mír 3 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Gan dochar don dlí sóisialta agus saothair náisiúnta maidir le heagrú córas pinsean agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, lena n-áirítear ballraíocht éigeantach agus torthaí comhaontuithe cómhargála, agus a mhéid nach gcuireann sé isteach ar na scéimeanna pinsin ceirde atá ann cheana, féadfaidh na Ballstáit a cheadú go soláthrófar an TPPU d'fhostaí mar chuid de shocrú san ionad oibre ina n-úsáidtear uathchlárú.	***scriosta***

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 47 – mír 4 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina soláthrófar an TPPU d'fhostaí mar chuid de shocrú ionaid oibre ina n-úsáidtear uathchlárú, beidh sé de cheart ag an gcoigilteoir TPPU roghnú gan a bheith páirteach agus a bheith rannpháirteach arís i gcomhréir leis an gcreat náisiúnta lena rialaítear	***scriosta***

uathchlárú, lena n-áirítear an dlí sóisialta agus saothair ábhartha maidir le heagrú córas pinsean, ballraíocht éigeantach agus torthaí comhaontuithe cómhargála.

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 51a – mír 1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina mbeidh córais rianaithe pinsean i bhfeidhm, go gcumhdófar teidlíochtaí fabhraithe scoir an TPPU leo.	1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina mbeidh córais rianaithe pinsean i bhfeidhm, go gcumhdófar teidlíochtaí fabhraithe scoir an TPPU leo. ***Ba cheart inchomparáideacht shimplí na dteidlíochtaí pinsin uile a cheadú leis, agus idirdhealú soiléir á dhéanamh idir comhpháirteanna ráthaithe agus neamhráthaithe agus sárú ar na costais riaracháin uile ar fud scéimeanna pinsin éagsúla agus soláthraithe pinsin éagsúla.***

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 51a – mír 6 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Beidh formáid agus struchtúr na faisnéise atá le tarchur chuig córais rianaithe pinsean comhsheasmhach leis an bhformáid agus leis an struchtúr a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 37.;	***scriosta***

Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 24
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 57 – mír 3 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I gcás TPPUnna a sholáthraítear d'fhostaí mar chuid de shocrú ionaid oibre ina n-úsáidtear uathchlárú, beidh na forálacha dá dtagraítear sa Chaibidil seo gan dochar do cheart fostóra conairí dícharntha a chinneadh i gcás ina bhforáiltear dó sin faoi dhlí an Bhallstáit lena mbaineann.;	***scriosta***

Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 65 – mír 8a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 a. Feidhmeofar cumhachtaí idirghabhála ÚEÁPC gan dochar do cheart na n-údarás inniúil náisiúnta bearta níos déine a fhorchur, lena n-áirítear uasteorainneacha costais nó ceanglais ráthaíochta, chun coigilteoirí TPPU a chosaint.

Or. en

Réasúnú

Níor cheart go mbeadh ísliú ar chaighdeáin chosanta náisiúnta mar thoradh ar chóineasú maoirseachta.

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25 a (nua)
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 66 bis (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(25 a) Airteagal 66 bis: Comhar idir an Coimisiún, na Ballstáit agus na comhpháirtithe sóisialta
	Eagróidh an Coimisiún Eorpach Fóram Pinsean bliantúil an Aontais Eorpaigh ina dtabharfar le chéile ionadaithe ó na Ballstáit, ón Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus geallsealbhóirí atá gníomhach i soláthar táirgí scoir.
	Feidhmeoidh an Fóram mar ardán chun dea-chleachtais agus taithí a mhalartú maidir le dearadh, cur chun feidhme agus feidhmíocht córas pinsean ar fud an Aontais, agus aird ar leith á tabhairt ar shocruithe pinsean forlíontach, lena n-áirítear táirgí pinsin ceirde agus phearsanta. Ní bheidh an plé laistigh den Fhóram teoranta do ghnéithe a bhaineann leis an margadh airgeadais ach tabharfar an aird chéanna ar an ngné shóisialta a bhaineann le pinsin a sholáthar, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
	(a) leordhóthanacht ioncaim scoir; (b) cumhdach catagóirí éagsúla oibrithe, lena n-áirítear oibrithe i gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta; (c) an tionchar ar neamhionannas, lena n-áirítear an bhearna phinsin idir na hinscní; (d) an idirghníomhaíocht idir scéimeanna pinsin phoiblí, ceirde agus phearsanta; (e) ról na gcomhpháirtithe sóisialta i ndearadh agus i rialachas córas pinsean.

Tógfaidh an Fóram, i gcás inarb iomchuí, ar fhianaise arna bailiú trí reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2019/1238, Treoir (AE) 2016/2341, agus Treoir 2009/138/CE, agus cuirfear san áireamh ann forbairtí i gcórais phinsin na mBallstát. Áiritheoidh an Coimisiún rannpháirtíocht ghníomhach na gcomhpháirtithe sóisialta in ullmhú agus i stiúradh an Fhóraim, i gcomhréir le cleachtais náisiúnta, agus déanfaidh sé ionadaíocht chothrom ar gheallsealbhóirí a chur chun cinn.

Déanfar achoimre ar thorthaí an Fhóraim i dtuarascáil bhliantúil a fhoilseoidh an Coimisiún, ina leagfar béim ar dhea-chleachtais, ar dhúshláin shainaitheanta agus ar réimsí a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh tuilleadh forbartha beartais, lena n-áirítear maidir leis na gnéithe sóisialta agus fostaíochta de sholáthar pinsean.

Rannchuideodh an Fóram an malartú sin le creat pinsin níos láidre, níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt san Aontas, i gcomhréir le cuspóirí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 30
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 73 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Faoin [Oifig na bhFoilseachán = cuir isteach an dáta a chomhfhreagraíonn do 5 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo, agus tar éis dó dul i gcomhairle le ÚEÁPC agus leis	Faoin [Oifig na bhFoilseachán = cuir isteach an dáta a chomhfhreagraíonn do 5 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo, agus tar éis dó dul i gcomhairle le ÚEÁPC agus leis

na ÚMEnna eile i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa ***agus*** don Chomhairle**.**.	na ÚMEnna eile i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa**,** don Chomhairle***, don Chúirt Iniúchóirí, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, do Choiste na Réigiún agus do na gcomhpháirtithe sóisialta***. ***Ní bheidh an mheastóireacht teoranta do ghnéithe a bhaineann leis an margadh airgeadais ach tabharfar an aird chéanna ar an ngné shóisialta a bhaineann le pinsin a sholáthar.***
	Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2
Rialachán (AE) 2019/1238
Airteagal 74

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón [Oifig na bhFoilseachán = cuir isteach ***bliain amháin*** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].	Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón [Oifig na bhFoilseachán = cuir isteach ***2 bhliain*** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
	Or. en

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuil ionchur curtha san áireamh aici ina tuairim ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sí, le linn ullmhú na dréacht-tuairime, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
The Permanent Representation of Belgium to the European Union
European Trade Union Confederation
Pensioplus
ACV-CSC
CNV
FNV
European Commission - Directorate General for Financial Stability, Financial Services and Capital Markets Union
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí
Ionadaí ar bith

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir don mheasúnú buiséadach go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).